2025/1171

17.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1171 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Meitheamh 2025

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'PRODHYNET's Lactic acid based products' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Aibreán 2019 chuir PRODHYNET SA iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ([2]), ar údarú Aontais le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, ar a dtugtar 'PRODHYNET's Lactic acid based products', de chineál táirge 3, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-XX051283-02 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha. Sonraíodh san iarratas freisin uimhir údaraithe na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'Kersia's Lactic acid based products', arna údarú níos déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2188 ón gCoimisiún ([3]), leis an uimhir údaraithe EU-0031195-0000.

(2) Is é aigéad L-(+)-lachtach an tsubstaint ghníomhach atá san fhine táirgí bithicídeacha 'PRODHYNET's Lactic acid based products', ar substaint é a airítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i ndáil le cineál táirge 3.

(3) An 24 Aibreán 2024 chuir an Ghníomhaireacht an tuairim uaithi ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'PRODHYNET's Lactic acid based products' i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013.

(4) Sa tuairim uaithi, tagann an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach bhfuil sna difríochtaí atá beartaithe idir an fhine táirgí bithicídeacha 'PRODHYNET's Lactic acid based products' agus an fhine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Kersia's Lactic acid based products' ach faisnéis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([5]), agus, ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Kersia's Lactic acid based products' agus faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann an fhine chéanna táirgí bithicídeacha 'PRODHYNET's Lactic acid based products' na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(6) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/414/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2188 ón gCoimisiún an 3 Meán Fómhair 2024 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Kersia's Lactic acid based products' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2188, 4.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2188/oj).

([4]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 24 Aibreán 2024 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'PRODHYNET's Lactic acid based products', UBP-C-1719023-18-00/F, https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(5) An 22 Bealtaine 2024 rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe 'PRODHYNET's Lactic acid based products', i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'PRODHYNET's Lactic acid based products'.

(7) Ba cheart dáta éaga an údaraithe a bheith ailínithe le dáta éaga údarú na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'Kersia's Lactic acid based products'.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0033504-0000 do PRODHYNET SA maidir leis an bhfine chéanna táirgí bithicídeacha 'PRODHYNET's Lactic acid based products' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 7 Iúil 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2034.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar Shaintréithe an Táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

PRODHYNET's Lactic acid based products

Cineál nó cineálacha táirge

PT03: Sláinteachas tréidliachta

Uimhir an údaraithe EU-0032621-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0032621-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	PRODHYNET's Lactic acid based products

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	PRODHYNET SA
	Seoladh	11 avenue des châtelets 22440 PLOUFRAGAN FR
Uimhir an údaraithe	EU-0032621-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0032621-0000	
Dáta an údaraithe	an 7 Iúil 2025	
Dáta éaga an údaraithe	an 31 Lúnasa 2034	

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	HYPRED SAS - KERSIA Group
Seoladh an mhonaróra	55, Boulevard Jules Verger - BP10180 35803 DINARD An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	HYPRED SAS - KERSIA Group / Dinard 55, Boulevard Jules Verger; BP 10180 35803 DINARD Cedex An Fhrainc HYPRED SAS - KERSIA Group / Vaas Zone Industrielle Le Roineau 72500 VAAS An Fhrainc

	Medentech Ltd – KERSIA Group Clonard Road Y35Y7WY WEXFORD Éire SOPURA – KERSIA Group Parc Paysager de Tyberchamps 14 7180 SENEFFE An Bheilg KERSIA DEUTSCHLAND GmbH Marie-Curie-Straße 23 53332 BORNHEIM – SECHTEM An Ghearmáin Holchem Laboratories Ltd – KERSIA Group Gateway House, Pilsworth Road, Pilsworth Industrial Estate BL9 8RD Bury Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann KERSIA AUSTRIA GmbH PFONGAUERSTRAßE 17 5202 NEUMARKT AM WALLERSEE An Ostair KERSIA POLSKA Sp.z.o.o Niepruszewo, ul. Kasztanowa 4 64-320 BUK An Pholainn KERSIA ITALIA S.r.l Strada Montodine – Gombito; Loc. Cà Nova 26010 RIPALTA ARPINA (CR) An Iodáil KERSIA IBERICA SL / Estella Pol. Miguel Eguía C/Zarapuz s/n 31200 ESTELLA (NAVARRA) An Spáinn Kilco Holdings Ltd – KERSIA Group Broomhouses 2 Industrial Estate; Old Glasgow Road DG11 2SD LOCKERBIE Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Kilco (International) Ltd – KERSIA Group 1A Trench Road Mallusk; Newtownabbey BT36 4TY CO ANTRIM Éire SOPURA Quimica – KERSIA Group Pol. Ind. “La Canaleta“; Avinguda Júpiter n° 7 25300 TARREGA (LLEIDA) An Spáinn KERSIA DEUTSCHLAND GmbH Oberbrühlstraße 16-18 87700 Memmingen An Ghearmáin

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Aigéad L-(+)-lachtach
Ainm an mhonaróra	PURAC Bioquimica SA
Seoladh an mhonaróra	Gran Vial 19-25 8160 Montmelo - Barcelona An Spáinn
Suíomh na láithreán monaraíochta	PURAC Bioquimica SA Gran Vial 19-25 8160 Montmelo - Barcelona An Spáinn PURAC BIOCHEM BV Arkelsedijk 46 4206 AC Gorinchem An Ísiltír

	Purac Sínteses Ltda Av. Rui Barbosa, 521 CEP 28015-520 Campos dos Goytacazes - RJ An Bhrasaíl Purac America Inc. 650 Industrial Park Drive, P.O. Box 38 NE 68008 Blair Na Stáit Aontaithe Purac (Corbion) Thailand Ltd Tambol Huay Pong, Amphoe Muang 21150 Rayong An Téalainn

Substaint ghníomhach	Aigéad L-(+)-lachtach
Ainm an mhonaróra	Jungbunzlauer S.A.
Seoladh an mhonaróra	Z.I. Portuaire BP 32 67390 Marckolsheim An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Jungbunzlauer S.A. Z.I. Portuaire BP 32 67390 Marckolsheim An Fhrainc

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	8,4 - 8,4 % (w/w)
p-sulfónáit chúiméine sóidiam		Substaint neamhghníomhach	15763-76-5	239-854-6	1,32 - 1,32 % (w/w)
Sulfáit 2-eitilheicsil-sóidiam		Substaint neamhghníomhach	126-92-1	204-812-8	0 - 2,1 % (w/w)
Dé-eatánólaimín		Substaint neamhghníomhach	111-42-2	203-868-0	3,92 - 4,234 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

CUID II.

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: meta SPC 1 - Táirgí tumtha, cúrtha, spraeála réidh le húsáid

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	8,4 - 8,4 % (w/w)
p-sulfónáit chúiméine sóidiam		Substaint neamhghníomhach	15763-76-5	239-854-6	1,32 - 1,32 % (w/w)
Dé-eatánólaimín		Substaint neamhghníomhach	111-42-2	203-868-0	4,234 - 4,234 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P280: Caith súilchosaint. P280: Caith aghaidhchosaint.

	P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh cóir liachta. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle liachta.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Díghalrú siní in ainmhithe bainne trína dtumadh, a chúradh nó a spraeáil tar éis an chrú

An cineál táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: gan sonraí Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: gan sonraí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú siní in ainmhithe bainne trína dtumadh, a chúradh nó a spraeáil tar éis an chrú
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Tumadh, cúradh, spraeáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cupán tumtha, cupán cúrtha, spraeire síní, uathghléas tumtha, uathghléas cúrtha nó uathghléas spraeála.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: ráta feidhmithe in aghaidh an ainmhí: - ba agus buabhaill 3 go 10 ml (5 go 8 ml molta) - caoirigh 1,5 go 5 ml (1,5 go 3 ml molta) - gabhair 2,5 go 6 ml (2,5 go 4 ml molta) Táirge réidh le húsáid Airí uainithe: Am teagmhála: 5 nóiméad Minicíocht: 2 go 3 huaire sa lá

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Cannaí breosla HDPE (Polaitiléin Ard-dlúis) 5, 10, 22, 25, 30 lítear bairille HDPE 60 lítear drumaí HDPE 120, 220 lítear gabhdán HDPE 640, 1000 lítear

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 1

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 1

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 1

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 1

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 1

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Líon an cupán tumtha/cúrtha/spraeire de láimh nó go huathoibríoch leis an táirge réidh le húsáid.

Tumadh/cúradh/spraeáil láimhe nó uathoibríoch ar shiní an ainmhí ó bharr go bun tar éis an chrú.

Féach chuige go mbíonn na siní clúdaithe go hiomlán le díghalrán.

Fág an táirge go dtí an chéad chrú eile.

Fág na ba ina seasamh ar feadh 5 nóiméad go dtí go mbíonn an táirge tirim.

Ag an gcéad chrú eile, úsáid an modh glanta agus cuimilte siní i ngach cás sula gceanglaítear an gléas crúite.

Seachain teagmháil leis na súile.

Nigh na lámha tar éis na hoibre.

Ní mór an táirge a thabhairt go 20°C go 30°C de theocht, sula n-úsáidtear é.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Caith spéaclaí cosanta do cheimiceáin nó cosaint aghaidhe atá ar aon dul le Caighdeán Eorpach EN ISO 16321 nó a chóibhéis.

Chun é a spraeáil de láimh: Caith lámhainní cosanta atá imdhíonach ar cheimiceáin atá ar aon dul le Caighdeán Eorpach EN ISO 374 nó a chóibhéis le linn chéim na láimhseála.

Coimeád amach as lámha páistí é.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Má tharlaíonn comharthaí cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR SIAR É: Sruthlaigh an béal. Tabhair rud éigin le n-ól, má tá an duine i dtrácht in ann rud éigin a shlogadh siar. NÁ spreag urlacan. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ THITEANN SÉ AR AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le huisce. Má tharlaíonn comharthaí cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ THÉANN SÉ ISTEACH SNA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, más ann agus más féidir. Lean den sruthlú go ceann 5 nóiméad. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Léigh an bhileog sonraí sábháilteachta a chuirtear ar fáil don úsáideoir gairmiúil: tá uimhir fóin éigeandála uirthi.

Doirteadh mór: Marcáil an limistéar, coisc an táirge le hasúiteoir támh agus caidéalaigh isteach in umar éigeandála. Ná cuir ábhar doirte ar ais sa ghabhdán bunaidh riamh, lena athúsáid. Coimeád an táirge i ngabhdáin oiriúnacha dúnta, agus lipéid orthu, lena gcur de láimh.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, cuir an táirge neamhúsáidte agus an pacáistiú de láimh de réir riachtanais an cheantair áitiúil. Is féidir táirge úsáidte a shruthlú isteach sa séarach cathrach nó a chur leis an aoileach ag brath ar riachtanais an cheantair áitiúil. Ná scaoil an táirge úsáidte isteach i ngléasraí aonair cóireála fuíolluisce.

Ba chóir na tuáillí páipéir a úsáidtear chun an táirge a bhaint agus na siní a thriomú a dhiúscairt sa ghnátharaid dhramhaíola.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 2 bhliain in HDPE

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Teidil iomlána na gcaighdeán EN agus na reachtaíochta dá dtagraítear i gcuid 5.2:

EN ISO 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceáin dhainséaracha agus micrea-orgánaigh.

EN ISO 16321 – Cosaint súl agus aghaidh le húsáid ag an obair.

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	DOUPIS FLUIDE	Réimse margaidh: AE
	PRO AL SPRAY	Réimse margaidh: AE
	GALACTIK FL	Réimse margaidh: AE
	Spray Guard	Réimse margaidh: AE
	ExtraGuard Spray	Réimse margaidh: AE
	ROBOLAK FL	Réimse margaidh: AE

	GALACTIK PULVE	Réimse margaidh: AE
	LACTI FLUIDE	Réimse margaidh: AE
	AGRILAC FLUIDE	Réimse margaidh: AE
	LACTI SPRAY FLUIDE	Réimse margaidh: AE
	HYGIALAC FLUIDE	Réimse margaidh: AE
	BRETALAC FLUIDE	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0032621-0001 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	8,4 % (w/w)
p-sulfónáit chúiméine sóidiam		Substaint neamhghníomhach	15763-76-5	239-854-6	1,32 % (w/w)
Dé-eatánólaimín		Substaint neamhghníomhach	111-42-2	203-868-0	4,234 % (w/w)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: meta SPC 2 - Táirgí tumtha réidh le húsáid

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	8,4 - 8,4 % (w/w)
p-sulfónáit chúiméine sóidiam		Substaint neamhghníomhach	15763-76-5	239-854-6	1,32 - 1,32 % (w/w)
Sulfáit 2-eitilheicsil-sóidiam		Substaint neamhghníomhach	126-92-1	204-812-8	0 - 2,1 % (w/w)
Dé-eatánólaimín		Substaint neamhghníomhach	111-42-2	203-868-0	3,92 - 3,92 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2**

Ráitis ghuaise	H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P280: Caith súilchosaint. P280: Caith aghaidhchosaint. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh cóir liachta. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle liachta.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Díghalrú siní in ainmhithe bainne trína dtumadh, a chúradh nó a spraeáil de lámh nó go huathoibríoch tar éis an chrú

An cineál táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: gan sonraí Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: gan sonraí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú siní in ainmhithe bainne trína dtumadh, a chúradh nó a spraeáil de láimh nó go huathoibríoch tar éis an chrú
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Tumadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cupán tumtha nó meaisín uathoibrithe tumtha.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: ráta feidhmithe in aghaidh an ainmhí: - ba agus buabhaill 3 go 10 ml (5 ml molta) - caoirigh 1,5 go 5 ml (1,5 molta) - gabhair 2,5 go 6 ml (2,5 ml molta) Táirge réidh le húsáid Airí uainithe: Am teagmhála: 5 nóiméad Minicíocht: 2 go 3 huaire sa lá
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Cannaí breosla HDPE (Polaitiléin Ard-dlúis) 5, 10, 22, 25, 30 lítear bairille HDPE 60 lítear drumaí HDPE 120, 220 lítear gabhdán HDPE 640, 1000 lítear

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 2

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 2

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 2

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 2

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta maidir le húsáid meite SPC 2

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

Líon an cupán tumtha de láimh nó go huathoibríoch leis an táirge réidh le húsáid.

Úsáid trína thumadh de láimh nó go huathoibríoch ar shine an ainmhí ó bharr go bun tar éis an chrú.

Féach chuige go mbíonn na siní clúdaithe go hiomlán le díghalrán.

Fág an táirge go dtí an chéad chrú eile.

Fág na ba ina seasamh ar feadh 5 nóiméad go dtí go mbíonn an táirge tirim.

Ag an gcéad chrú eile, úsáid an modh glanta agus cuimilte siní i ngach cás sula gceanglaítear an gléas crúite.

Seachain teagmháil leis na súile.

Nigh na lámha tar éis na hoibre.

Ní mór an táirge a thabhairt go 20°C go 30°C de theocht, sula n-úsáidtear é.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Caith spéaclaí cosanta do cheimiceáin nó cosaint aghaidhe atá ar aon dul le Caighdeán Eorpach EN ISO 16321 nó a chóibhéis.

Coimeád amach as lámha páistí é.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Má tharlaíonn comharthaí cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR SIAR É: Sruthlaigh an béal. Tabhair rud éigin le n-ól, má tá an duine i dtrácht in ann rud éigin a shlogadh siar. NÁ spreag urlacan. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ THITEANN SÉ AR AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le huisce. Má tharlaíonn comharthaí cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ THÉANN SÉ ISTEACH SNA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, más ann agus más féidir. Lean den sruthlú go ceann 5 nóiméad. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Léigh an bhileog sonraí sábháilteachta a chuirtear ar fáil don úsáideoir gairmiúil: tá uimhir fóin éigeandála uirthi.

Doirteadh mór: Marcáil an limistéar, coisc an táirge le hasúiteoir támh agus caidéalaigh isteach in umar éigeandála. Ná cuir ábhar doirte ar ais sa ghabhdán bunaidh riamh, lena athúsáid. Coimeád an táirge i ngabhdáin oiriúnacha dúnta, agus lipéid orthu, lena gcur de láimh.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, cuir an táirge neamhúsáidte agus an pacáistiú de láimh de réir riachtanais an cheantair áitiúil. Is féidir táirge úsáidte a shruthlú isteach sa séarach cathrach nó a chur leis an aoileach ag brath ar riachtanais an cheantair áitiúil. Ná scaoil an táirge úsáidte isteach i ngléasraí aonair cóireála fuíolluisce.

Ba chóir na tuáillí páipéir a úsáidtear chun an táirge a bhaint agus na siní a thriomú a dhiúscairt sa ghnátharaid dhramhaíola.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 2 bhliain in HDPE

Stóráil faoi bhun 30°C

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Teidil iomlána na gcaighdeán EN agus na reachtaíochta dá dtagraítear i gcuid 5.2:

EN ISO 16321 – Cosaint súl agus aghaidh le húsáid ag an obair.

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 2**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	EDDAR FILM	Réimse margaidh: AE
	DOUPIS FILM	Réimse margaidh: AE
	GALACTIK EP	Réimse margaidh: AE
	Xtrem Guard	Réimse margaidh: AE
	ExtraGuard Xtrem	Réimse margaidh: AE
	LACTI EPAIS	Réimse margaidh: AE
	HYGIALAC EPAIS	Réimse margaidh: AE
	TREMPAGE EPAIS LACTI	Réimse margaidh: AE
	AGRILAC EPAIS	Réimse margaidh: AE
	FILMOGENE	Réimse margaidh: AE
	AGRIFILM	Réimse margaidh: AE
	BRETADINE	Réimse margaidh: AE
	BRETALAC FILM	Réimse margaidh: AE
	GEL TRAYON	Réimse margaidh: AE
	APROMADINE	Réimse margaidh: AE

	CELTADINE	Réimse margaidh: AE
	DALFILM	Réimse margaidh: AE
	FILM-AGRI	Réimse margaidh: AE
	HYGIA'TREMP	Réimse margaidh: AE
	HYGIAFILM	Réimse margaidh: AE
	PRODINE	Réimse margaidh: AE
	PRO AL	Réimse margaidh: AE
	ADIEL FILM	Réimse margaidh: AE
	CORIAFILM	Réimse margaidh: AE
	GANAFILM	Réimse margaidh: AE
	MAGDINE	Réimse margaidh: AE
	NUTRIDINE	Réimse margaidh: AE
	PLUSAFILM	Réimse margaidh: AE
	PROXAFILM	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe		EU-0032621-0002 1-2

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	8,4 % (w/w)
p-sulfónáit chúiméine sóidiam		Substaint neamhghníomhach	15763-76-5	239-854-6	1,32 % (w/w)
Sulfáit 2-eitilheicsil-sóidiam		Substaint neamhghníomhach	126-92-1	204-812-8	2,1 % (w/w)
Dé-eatánólaimín		Substaint neamhghníomhach	111-42-2	203-868-0	3,92 % (w/w)